

Ról an Éascaitheora AFMÁ

Próiseas an AFMÁ

Is ar bhonn uainíochta a ghlacann múinteoirí ról an Éascaitheora orthu féin don Chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ). Léiríonn an t-éascaitheoir ceistiú éifeachtach le linn an phlé ar na samplaí de shaothar scoláirí. ag díriú ar an gcaoi a mbíonn obair scoláirí ag teacht leis na Gnéithe Cáilíochta. Le linn cruinnithe athbhreithnithe, nuair nach mbíonn se an-soiléir cén tuairiscín is cóir a úsáid, ba chóir don ghrúpa fianaise a lorg in obair an scoláire atá ag teacht le gach ceann nó choir a bheith gach ceann de na Gnéithe Cáilíochta a bhaineann le tuairiscín. Tríd an gcur chuige seo 'is fearr a oireann' is féidir le múinteoirí an tuairiscín is fearr a léiríonn 'ar an iomlán' an obair atá á meas.

Níor chóir do mhúinteoirí glacadh leis go bhfuil aon leithdháileadh ar leith i gceist le torthaí grúpa scoláirí atáthar a mheas mar go mbíonn obair an scoláire á meas in aghaidh na nGnéithe Cáilíochta amháin, seachas in aghaidh feidhmíocht scoláirí eile.

Maidir le gach cruinniú:

- tá siad sainiúil don ábhar
- maireann siad tuairim is dhá uair a chloig
- tarlaíonn se ag am chomh gar agus is féidir don Mheasúnú Rangbhunaithe a bheith críochnaithe
- déantar athbhreithniú iontu ar shaothar scoláirí a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe ar leith

Roimh an gCruinniú AFMÁ

Roimh an gCruinniú AFMÁ is é a dhéanann an t-éascaitheoir:

- samplaí d'obair scoláirí a bhailiú ó na múinteoirí
- ord reatha a shocrú don AFMÁ
- an seomra a leagan amach

Le linn an Chruinnithe AFMÁ

Treoraíonn an t-éascaitheoir an cruinniú agus cláraíonn sé na cinntí a dhéanann an grúpa ag úsáid an Teimpléid Tuairisc an Éascaitheora. Moltar go mbeadh an seicheamh seo a leanas sa chruinniú de ghnáth:

- Míníonn an t-éascaitheoir gurb é cuspóir an chruinnithe cabhrú le comhsheasmhacht sna breithiúnais faoi obair scoláirí agus teacht ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlama na scoláirí. Ba chóir a lua go bhfuil luach leis an gcrúinniú i dtaca leis an aiseolas is féidir a thabhairt do scoláirí ar an gcaoi a bhféadfadh siad feabhas a chur ar a gcuid oibre.

- Iarrann an t-éascaitheoir ar bhall amháin foirne sampla oibre a chur i láthair a mheas siad go sealadach “Nár chomhlíon na hIonchais Fós”.
- Tar éis intreoir ghearr ón múinteoir, treoraíonn an t-éascaitheoir plé ginearálta ansin ar an méid a bhíonn obair an scoláire ag teacht leis na Gnéithe Cáilíochta ábhartha. Má dhearbhaítear go bhfuil an breithiúnas ceart, breacann an t-éascaitheoir an méid sin síos i dtaifead an chruinnithe.
- Sa chás go mbíonn easaontú ann, ba chóir don éascaitheoir tagairt do shamplaí anótáilte de shaothar scoláirí a sholáthair an CNCM agus, más cuí, samplaí de shaothar scoláirí a rinne múinteoirí eile sa ghrúpa a mheas agus ar bhronn siad an tuairiscín sin orthu.
- Ba chóir don éascaitheoir féachaint chuige go mbíonn comhaontú ann le linn an phlé ar shamplaí, ach ba chóir go leagfaí an bhéim ar eolas gairmiúil agus ar scileanna múinteoirí a fhorbairt seachas a bheith ag iarraidh aontú d’aon ghuth a lorg do gach Gné Cáilíochta i ngach sampla.
- Agus breithiúnais á ndearbhú le linn na gcruinnithe athbhreithnithe, ba chóir gur ar an gcur chuige ‘is fearr a oireann’ a leagfaí an bhéim óir ligeann sé sin do mhúinteoirí aontú ar an tuairiscín ‘ar an iomlán’ is oiriúnaí don obair atá á meas.
- Cé gur chóir am réasúnta a thabhairt le haghaidh an phlé, ba chóir don éascaitheoir a b(h)reithiúnas gairmiúil féin a úsáid le cinneadh cén uair a bheadh sé ceart bogadh ar aghaidh chuig an gcéad sampla eile.
- Más féidir, ba chóir plé a bheith ann ar dhá shampla ar a laghad de gach tuairiscín agus ba chóir don éascaitheoir a chinntiú go mbíonn ar a laghad ceann amháin dá gcuid samplaí á phlé ag gach múinteoir le linn an chruinnithe.
- Leantar den phróiseas arís, ceann ar cheann, le samplaí a mheastar a bheith ‘Ag Teacht le hIonchais’, ‘Os cionn Ionchais’ agus ‘Thar barr’ á bplé agus á roinnt sa ghrúpa. Ag deireadh an chruinnithe, déanann an t-éascaitheoir achoimre ghearr ar na príomhphointí a d’eascair as an bplé.

Tar éis an Chruinnithe AFMÁ

Tar éis an Chruinnithe AFMÁ, líonann an t-éascaitheoir amach Tuairisc Éascaitheoir an AFMÁ ag díriú ar na torthaí a tháinig ón bplé ar shaothar scoláirí ag an gcruinniú agus comhadaíonn iad mar is cuí. Thiocfadh leis an éascaitheoir a fhiafraí freisin de mhúinteoirí, murar mhiste leo, an gcuirfeadh siad beagán d’obair na scoláirí le banc samplaí:

- chun cabhrú le hionduchtú múinteoirí nua
- chun cabhrú le cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo
- le húsáid le scoláirí agus le tuismitheoirí chun an caighdeán oibre a baineadh amach a thaispeáint

Adapted from <https://www.ncca.ie/en/junior-cycle/assessment-and-reporting/slar-meetings>